Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Bealtaine 2022
(OR. en)

8578/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0053(COD)**

CODEC 572
VETER 39
AGRILEG 57
PHARM 72
MI 323
PE 41

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos rialacha idirthréimhseacha maidir le pacáistiú agus lipéadú táirgí íocshláinte tréidliachta atá údaraithe i gcomhréir le Treoir 2001/82/CE agus le Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 – An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa (Strasbourg, an 2 go dtí an 5 Bealtaine 2022) |

## I. RÉAMHRÁ

Bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin gcomhad seo ar an gcéad léamh.

Tar éis don suí iomlánach formheas a dhéanamh, an 3 Bealtaine 2022, ar iarraidh an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia déanamh de réir Riail 163 (nós imeachta práinne), chuir grúpaí PPE, S&D, Renew, Na Glasaigh/SCE agus ID leasú comhréitigh (leasú 2) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin i láthair go comhpháirteach. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin. Ina theannta sin, thíolaic an grúpa The Left leasú amháin (leasú 1).

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil an suí iomlánach an 5 Bealtaine 2022, ghlac sé an leasú comhréitigh (leasú 2) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin. Níor glacadh aon leasuithe eile. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[1].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

[1] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail '▌' a léirítear téacs a scriosadh.

## P9_TA(2022)0198

## Rialacha idirthréimhseacha maidir le pacáistiú agus lipéadú táirgí íocshláinte tréidliachta ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Bealtaine 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha idirthréimhseacha maidir le pacáistiú agus lipéadú táirgí íocshláinte tréidliachta atá údaraithe i gcomhréir le Treoir 2001/82/CE agus le Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 (COM(2022)0076 – C9-0054/2022 – 2022/0053(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0076),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 agus d'Airteagal 168(4), pointe (b), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic a Coimisiún an togra don Pharlaimint (C9-0054/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 23 Márta 2022[2],

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 27 Aibreán 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialacha 59 agus 163 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig na gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[2] Nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil*.

**P9_TC1-COD(2022)0053**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 5 Bealtaine 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha idirthréimhseacha maidir le pacáistiú agus lipéadú táirgí íocshláinte tréidliachta atá údaraithe *nó atá cláraithe* i gcomhréir le Treoir 2001/82/CE nó le Rialachán (CE) Uimh. 726/2004**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 agus Airteagal 168(4), pointe (b) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[3],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[4],

---

**3** Tuairim an 23 Márta 2022 (nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil*).
**4** Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Bealtaine 2022.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thosaigh Rialachán (AE) Uimh. 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] d'fheidhm a bheith aige an 28 Eanáir 2022.

(2) Sealbhóirí údaruithe margaíochta agus sealbhóirí clárúcháin táirgí íocshláinte tréidliachta atá údaraithe ***nó atá cláraithe*** faoi Threoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] nó faoi Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], ní bheidh siad in ann na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 10 go 16 de Rialachán (AE) 2019/6, a chomhlíonadh faoin 28 Eanáir 2022. Thairis sin, na modhnuithe uile is gá, mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (39) de Rialachán (AE) 2019/6, ar údaruithe margaíochta arna ndeonú i gcomhréir le Treoir 2001/82/CE nó Rialachán (CE) Uimh. 726/2004, agus dá bhrí sin, níl na húdaráis inniúla in ann na modhnuithe sin a phróiseáil chun a áirithiú go gcomhlíontar Airteagail 10 go 16 de Rialachán (AE) 2019/6 go tráthúil.

---

**5** Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

**6** Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte tréidliachta (IO L 311, 28.11.2001, lch. 1).

**7** Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 136, 30.4.2004, lch. 1).

(3) Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le rialacha idirthréimhseacha do phacáistiú agus lipéadú táirgí íocshláinte tréidliachta arna n-údarú ***nó arna gcláraíodh*** i gcomhréir le Treoir 2001/82/CE nó le Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 chun a áirithiú go leanfar de na táirgí íocshláinte tréidliachta sin a bheith ar fáil san Aontas agus chun deimhneacht dhlíthiúil a shuí. Ba cheart na rialacha idirthréimhseacha a theorannú do tháirgí íocshláinte tréidliachta nach gcomhlíontar leo na ceanglais maidir le pacáistiú agus lipéadú atá i Rialachán (AE) 2019/6 ach lena gcomhlíontar forálacha eile uile Rialachán (AE) 2019/6.

(4) Ní leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ceanglais shonracha maidir le lipéadú agus pacáistiú. Mar sin féin, fágann Airteagal 31(1), Airteagal 34(1), pointe (c), Airteagal 34(4), pointe (e), agus Airteagal 37(1), an dara fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004, sa leagan is infheidhme an 27 Eanáir 2022, go bhfuil táirgí arna n-údarú faoin Rialachán sin le hAirteagail 58 go 64 de Threoir 2001/82/CE a chomhlíonadh.

(5) Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha idirthréimhseacha ar cheart feidhm a bheith acu ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/6, eadhon ón 28 Eanáir 2022 ar aghaidh. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta sin.

(6) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(7) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'táirge íocshláinte tréidliachta' táirge íocshláinte tréidliachta mar a shainmhínítear é in Airteagal 4, pointe (1), de Rialachán (AE) 2019/6;

(2) ciallaíonn 'lipéadú' lipéadú mar a shainmhínítear é in Airteagal 4, pointe (24) de Rialachán (AE) 2019/6;

(3) ciallaíonn 'bileog phacáiste ' bileog phacáiste mar a shainmhínítear é in Airteagal 4, pointe (27), de Rialachán (AE) 2019/6;

(4) ciallaíonn 'cur ar an margadh' cur ar an margadh mar a shainmhínítear é Airteagal 4, pointe (35), de Rialachán (AE) 2019/6;

*Airteagal 2*

*Rialacha idirthréimhseacha*

Táirgí íocshláinte tréidliachta a údaraíodh ***nó a cláraíodh*** i gcomhréir le Treoir 2001/82/CE nó le Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 agus lena gcomhlíontar Airteagail 58 go 64 de Threoir 2001/82/CE, sa leagan is infheidhme an 27 Eanáir 2022, d'fhéadfaí iad a chur ar an margadh go dtí an 29 Eanáir 2027, fiú mura bhfuil a lipéadú agus, i gcás inarb infheidhme, a mbileog phacáiste i gcomhréir le hAirteagail 10 go 16 de Rialachán (AE) 2019/6.

*Airteagal 3*

*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh feidhm aige ón 28 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa ..., ...

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán* | *An tUachtarán*